Ceann Tinn

Seán Ó Criomṫain

Is mó áit a ṫugann a ṁaċnaṁ duine, go mór ṁór nuair a ḃeiḋ an aois ag fásċaḋ isteaċ ort, agus tú ag titim siar ar do ioscaidí ar nós aon ṡeana ċapall.

Suim mór aimsire ó ṡin, nuair naċ raiḃ purgáidí na leisceanna ann féin mar tá san lá atá ann inniu. Is mó galar a ḃí gan leigheas gan oideas agus d'fág sin rain agus comarta so-feiscṫe ar a lán daoine.

Is cuiṁin liom go maiṫ nuair a ċuas isteaċ ar scoil den ċéad lá riaṁ. Ḃí an scoil an uair úd lán go barra le leanaí; cuid acu fásta suas agus a lán eile acu ina ngreamaisc mí-liṫeaċ go maiṫ. Níorḃ ionaḋ mór é sin, mar ḃíodar anuas ar a ċéile ins na tiṫe óna naoi go dtí na dó-ḋéag ins gaċ tiġ, agus gan mór fáltas aige sna tuismiṫeoirí.

Sna naíonáin a ḃíos ag an Máistreas, agus a lán naċ mé. Ṫáinig garsún beag isteaċ agus ceirt ḃán ar a ċeann. Ḃí gaċ duine a ḃí sa rang liomsa agus an dá súil ag dul amaċ ar a gceann, ag féaċaint agus ag ligint leaṁgáire ċuige. Ṫug sé seaċtain ar an ngnóṫa sin, agus ṫugamar an tseaċtain ar an ngóṫa céanna, ag magaḋ agus ag gáirí fé. Ṫáinig an tseaċtain a ḃí ċugainn. aċ má ṫáinig níor ṫáinig fear na ceirte báine.

Ḃíomar ag caiṫeaṁ an tsaoil linn. Sinn go léir ar scoil gaċ lá agus ag foġlaim ruda éigin. D'imiġ bliain, agus dá ḃliain ⁊ cúig cinn acu, aċ ní ṫáinig "Ceann Tinn" fós, ná aon tuairisc air. Ḃí an saġas sin galar ag imeaċt an uair úd, agus má raġaḋ sé i ḃfad ort raġaḋ sé ċun leadaránaċt. Sin mar a ḃí ag mo ḋuine é. Ní raiḃ aon ḃean leigheas ná oideasa sa ċeantar ná go raiḃ trialta leis aċ sin a raiḃ de ṁaiṫ dó ann.

Ḃí seana-ḃean i mbéal an dorais aige go raiḃ méar tinn ag an ḃfear ar feaḋ dá ḃliain, agus sé an t-oideas a fuair san, nó ola róin. ní a ḃí flúirseaċ go leor an t-am úd. Dúirt sí le máṫair an leinḃ é, agus má dúirt, ní raiḃ uaiṫe sin aċ gaoṫ an ḟocail. Ċuir sí an ola ar an gceann tinn, agus ċoiméad sí leis é ar feaḋ seaċtaine agus ó ṡeaċtain amaċ, ḃí mo ġaige ag teaċt ċuige féin.

Ceann des na laeṫanta agus sinn insan rang ar scoil, sinn ag an máistir an uair úd. agus sinn fásta suas dar linn, cé ḃuail ċugainn isteaċ aċ "Ceann Tinn." É ċoṁ mór leis an máistir féin, naċ mór; suas le airde póilín, go glas agus go gabṫa suas.

Ċuir an máistir caint air, agus ċuir sé síos imeasc na naíonáin é.

Ḃí sciotar ṫoir, gáire ṫiar. ⁊ gaċ a raiḃ ar scoil imiṫe le gealaiġ nuair a ċonaiceadar an stráice imeasc na leanḃ beaga. Ḃí an dá máistir a ḃí ar scoil á iarraiḋ orainn éisteaċt agus stad, aċ sin a raiḃ de ṁaiṫ dóiḃ ann, agus is ag iarraiḋ orainn a ḃí. Sé rud a rinne an máistir sa deireaḋ ná mo ḋuine a ṫabairt mar a raiḃ a ṁacasaṁail féin. Ċuaiġ ciúnas orainn, aċ má ċuai ġ féin, ḃí an scoil tré ċéile fós. mar ḃí beag agus mór ag cur na súil tré "Ceann Tinn" mar ná faca éinne againn é le blianta.,

Ṫáinig lá arna ṁáraċ, agus lá na ṁanaṫar, agus ní faca Dia nó duine "Ceann Tinn' ag cur a ċoisc isteaċ ṫar tairsí na scoile ariaṁ ó ṡin. Ní ċuirfeaḋ oird Muilinn an Iarainn "Cinn Tinn" ar scoil as san amaċ. Dúirt sé lena ṁuinntir go mbáṫfaḋ duine muinnteartа dá ṁáṫair ina ṫailliúr ar an Daingean, agus ḋeineadar beart do réiteaċ eatarṫa Séamas do ċur mar ṗrinntíseaċ ċuige, rud a ġlac Séamas go fonnṁar, mar na raiḃ uaiḋ aċ scaraḋ leis an ngramaisc a ḃí ag dul ar scoil. Ṫóg sé a ṡeolta ó ċalaḋ na mḂlascaodaí, agus níor ḃain sé anuas iad, nó gur ḃuail sé calaṗort Daingean Uí Ċúise. Luiġ sé isteaċ le'n ċeird. agus níor ṫug aon ḟaillí innti.

Leanmar orainn leis an scoil gaċ aon dial lá, breá agus gránna. Ḃí Béarla agus Gaolainn, suimeanna, tír-eolais agus léaṁ agus scríoḃaḋ sa dá ṫeanga, ⁊ gaċ ábar eile dá raiḃ dá ṁúineaḋ, ḃíodar de ġlan ṁeabair againn. Ḃíomar mar sin ag obair linn ar scoil. aċ nuair a ḃí laeṫeannta saoire an tsaṁraiḋ ag teaċt, ṫáinig an máistir ċugainn aċ dúirt sé linn go raiḃ aois na scoile suas againn, agus naċ raiḃ a ṫuilleaḋ aige féin le múineaḋ dúinn.

Ṫáinig an saṁraḋ, ṫáinig am scoile, aċ ní raiḃ aon duine de oċtar againn uirṫí. Ṫáinig Doṁnaċ breá, ṫáinig Séamas an Ċinn Tinn. agus é na ṫailliúr riṫte. Ḃí éadaċ agus bróga air, agus é ċoṁ déanta suas le h-aon Taoiseaċ a ċur cos i mbróg 'riaṁ.

Ḃí airgead bán agus buí aige, agus ní deise-d'féaċas ar aoin riaṁ ná air. D'imiġ sé leis aríst agus d'fág sé slán agus beannaċt againn.

Ḃí mac de Ṗeig Sayers in éineaċt liomsa dárḃ ainm dó Ṗats. D'fan Ṗats ar scoil nó gur caiṫeaḋ amaċ é, ar mo ċuma féin, ⁊ taréis a ċuid aimsire a ċaiṫeaṁ innti, cad a ḃí aige dá ḃárr. "Sin é an áit a ḃí an ḟaiḃḃ a Ṡeáin." adúirt Ṗats liomsa tamall na ḋiaiḋ sin. "An cuiṁin leat an lá úd fadó nuair a ṫáinig fear na ceirte báine isteaċ sa rang ar scoil ċugainn, gur ṫugamar an lá ag gáirí fé?" Is minic mise ag cuiṁneaṁ ar Ṡéamas ó ṡin," ar seisean, "go m'ḟearra dom féin gur tinn a ḃeaḋ mo ċeann an ċéad lá riaṁ ar ċuas isteaċ sa scoil. Tá slí beaṫa ag fear an ċinn tinn, agus níl faic de ḃarr mo ċuid scoile agamsa aċ an bóṫar amaċ maidin amáraċ féaċaint cá ḃfaiġinn greim le cur im ḃéal."

"Ná m'ḟearr domsa mé ċur le ceird éigin, ná mé a ċoiméad ar scoil gan ṁaiṫ an fad sin. Féaċ fear an Ċinn Tinn, naċ maiṫ an sompla go deo arís dúinn é."

Seán Ó Criomṫáin.

Cosc ar Niṁ

Ag cruinniú do Ċoiste Talmaíoċt na Gaillimhe, an tseaċtain seo caite, ġearán an Seanadóir Seán Ó Máinín go raḃṫar ag cur cosc le díol niṁ. Arsa an Seanadóir Ó Máinín — Maraítear na mílte uain gaċ bliain, insan ċeantar s'agam-sa. Nuair a ċuaiġ sé ċun niṁ do ċeannaċt le leagann ar a ċuid talaṁ, dúirt an Chemist leis go raiḃ na mór-ḋíoltóirí ag ísliú a gcuid díolaċáin. Dúirt an Bráṫair Muirideaċ gur ṁór an trua a leiṫéid seo. Ṁol an Seanadóir Ó Máinín go ndéanfaḋ an coiste fiosrú faoi agus ċaḃraiġ Pádraic Seoiġe leis.

Tuilleaḋ Scoláireaċta

Ṡocraiġ Coiste Talmaíoċta Dún na nGall níos mó scoláireaċ-ta a ṫabairt feasta. I mbliana taḃarfaiḋ siad 12 scoláireaċtaí

Ceaṫrú Rua

Ḃí an cruinniú cinnḃliana de Ḃantraċ na Tuaiṫe sa gCeaṫrú Rua, ann deireaḋ mí Eanair, an 28ú lá de Eanair. Tóġaḋ Cáit Iníon Uí Ḟlaṫarta, O.S., mar Uaċtarán ar an Ċumann, agus Eilís Ḃean Uí Nualláin mar leas-uaċtarán; Caitríona Ḃean Uí Luain. mar rúnaí; Áine Iníon Nic Donnċaḋa, mar leas-rúnaí agus Bernadette Iníon Uí Ċuinneagáin, O.S., mar ċisteoir. Tá Úna Iníon Uí Ḟlanagáin, M.P.S.I., ina Teaċta don Ġrianán; Áine Iníon Uí Ḟearġusa. mar Teaċta Idirnáisiúnta agus Eiḃlín Ḃean Uí Ḋonaḃáin ina h-oifigeaċ poiḃlioċta. Caitlín Iníon Uí Ḋomnaill, a toġaḋ mar teaċta ċuig cruinniṫe. Ar an ċoiste ċoṁ maiṫ leis na hoifigí tá Máiréad Ḃean Uí Ċaṫain; Máire Ḃean Uí Ċoisteallḃa; Máiréad Ḃean Uí Ḋomnaill agus Eiḃlín Iníon Lawe.

Geamaireaċt

Ḃa deas taiṫneaṁaċ an geamaireaċt a léiriġ Taiḃḋearc i nGaillim, le seaċtain anuas. Ó Ḃróin agus Carl Ó Maṫúna a soláṫraiġ an scríbinn agus ḃí sé fiúntaċ greannṁar agus so-ṫuiscionaċ insan Ġaeilge beo, a ṫuigfeaḋ gná-ċainteoirí an teanga.

D'oscail sé ar an Luan, Lá Ḟéil Ḃríde, agus ċuaiġ sé ar aġaiḋ ar feaḋ na seaċtaine.

Ḃí idir léiriú agus stáitsiú go h-éifeaċtaċ, agus ḃí na raḃarcanna taiṫneaṁaċ greannṁar.

Is aisteaċ ar fad é. áfaċ, naċ mbíonn slua i ḃfad níos mó ag freastal ar léiriú den saġas seo agus is aisteaċ freisin go mbíonn luċt stiúrṫa na Taiḃḋeirce ag braṫ, is cosúil, ar fógraíoċt Béarla.

Naċ ḃfuil sé ṫar am, deireaḋ do ċur le Taḋg-an-dá-ṫaoḃ agus dul i muinín fógraíoċt Gaeilge do imeaċtaí Gaeilge.

Coṁġáirdeaċas

Coṁġáirdeas le Tomás Ṁac Ḟionnġaile, A.T.O., Iar-Ṗríoṁoide ar scoltaċa ṫrír-ṁúinteoirí Gort na Bráḋ agus Doire an Ċasáin. atá amuiġ i Los nAgeles, i gCalifórnia, ó ḋeireaḋ an tsaṁraiḋ, é féin agus a ḃean, Línea, ar ċuairt ag an ṁac, Deasún. a ḃfuil stór mór fótagrafaí aige ann agus é ina fo-eagarṫóir ar an "Los Angeles Times" le na ċois sin. Tá sé ráite go ḃfuil post ar dóiġ faiġte ag Tomás insan ċáṫair sin—mar ċoṁairleoir in oifig árd-ṁáistir árd-scoile (Consultative High School headmaster) ann. Ḃí Tomás ina ṁacléinn i gColáiste Naoṁ Adaṁnáin os cionn leaṫċéad bliain ó ṡin — mar ċoṁaltа leis an Ṁonsgr. Ṁac Loċlainn, D.Sc., sagart paróiste, Ċarraig Airt agus leis An Ċeallaċ, file an ċeantair. Fad saoil do Ṫomáis!

Bás Tobann

Ṫáinig an bás go tobann ar Ṗaidí Ṁicí Eoġain Ó Gallċoḃair. cigire faoin Ḃord Iascaiġ Mara, i gceann na 82 bliain dó. Ḃí slua mór de ḃunaḋ na paróiste i láṫair ag Aifreann a 11.00 a.m. Lá Ḟéile Muire na gCoinnéal i dTeaċ-Ṗobal Naoṁ Eoin Baiste i gCarraig Airt, agus cois na h-uaiġe ina ḋiaiḋ sin. Déantar coṁḃrón le na ċuid níonaċ: Treasa, Ḃean Ṗádraig Uí hEireaċtaiġ, Leargan Riaċ; Nora, Ḃean Ṡeoirse Woodcoc, ⁊ Seosaimín, Ḃean Ṁiċíl Canning (an ḃeirt i mḂéal Feirste) agus Ḃríd, Ḃean Aoiḋ Ṁic Suiḃne, as

Sliocṫ as Tuarascáil Ċoimisiúin Eile

Ṫuig Coimisiún na Gaeltaċta an Scéal 40 Bliana ó Ṡoin

"Is eol dúinn leis gurḃ é rud is mó ar a ḃfuil an Ġaeilg agus a páirt in obair an náisiúin ag seasaṁ feasta ná í ċoiméad beo mar ṫeangan teaġlaí in Éirinn glúin ar ġlúin ón sean aimsir anuas. Sé an leanúnaċas sin an ṗréaṁ beo agus an t-aon ní aṁáin as a dtiocfaiḋ fás nádúrṫa. Ar an ábar sin. tá meas mór mar is ceart, ag muinntir na hÉireann ar a nGaeltaċt; ar na ceantraċa fánaċa ina laḃartar an Ġaeilg mar ṫeanga teaġlaí, meas mar a ḃíonn acu ar ṡeoid náisiúnta.

Is eol dúinn, gurḃ aon ní aṁáin, geall leis na ceantair sin. agus ceantair tuaiṫe áiriṫe in Éirinn ina ḃfuil faoḃ ċrua ċasta eacnamaíoċta le ráiteaċ. Tá dlúṫ ḃaint ag ceist na Gaeilge agus ag an gceist eacnamaíoċta lena ċéile agus iarrtar ar do Ċoimisiún-sa iad a ḃreiṫniú i dteannta a ċéile. Ḃeiḋ an pobal ag faire go géar ar obair agus ar ṫoraḋ an fiosrúċáin a ḋéanfaiḋ siḃ. agus **ní miste a ḃeiṫ ag braṫ orṫa ċun cuidiú le h-aon ṗlean ċiallṁar réasúnta is féidir a ċur i gcríċ ċun an Ġaeilg do ċosaint mar ṫeangan teaġlaí, agus ċun saol eacnamaíoċta na ndaoine a laḃrann í mar gná ṫeangain ⁊ mar ṗríoṁ urlaḃra eatarṫa féin,** do ḋeiṁniú i ḃfeaċtas.

Mise,
Le fíor ṁeas ort,
Liam P. Mac Cosgar.

Giota é sin as litir an Uaċtaráin Liam T. Mac Cosgar ċuig Risteard Ó Maolċaṫa. T.D., Caṫaoirleaċ Coimisiún na Gaeltaċta ar an 4ú lá de Ṁárta, 1925.

Is cinnte go raiḃ an ceart aige go seasfaḋ pobal na hÉireann le plean dearfá cinnte a ḃéarfaḋ feaḃas agus seasaṁ do saol eacnamiceaċ na ndaoine ins na ceantair Gaeltaċta.

Aċ, diúltaiġ an Rialtas a ḃí ann glacaḋ le tuarascáil Coimisiún na Gaeltaċta agus níor ċuir aon rialtas ó ṡin, plean ciallṁar do seasaṁ saol eacnamaíoċta na ndaoine a laḃrann an Ġaeilg mar ġnáṫeanga ós coṁair pobal na hÉireann.

Is cinnte go seasfaḋ pobal na hÉireann lena leiṫéid de ṗlean dá gcuirfí ós a gcoṁair é.

Is mór an t-aṫrú a ṫáinig insan daċad bliain idir sin agus seo. Ḃeaḋ sé deacair go maiṫ in 1925, obair lán-aimsireaċ do ṡoláṫar do líon na gcainteoirí dúċais, ar an ábar go raiḃ 147,000 díoḃa ins na ceantair Fíor-Ġaeltaċta. agus 111.000 díoḃa ins na ceantair Breac-Ġaeltaċta.

Tá sé níos fusa sin a ṡoláṫar san lá inniu, mar tá an 111,000 Cainteoirí Dúċais ins na ceantair Breac-Ġaeltaċta agus na ceantraċa Breac-Ġaeltaċta iad féin imiṫe as an Ġaeltaċt ar fad. Níl aon Ġaeltaċt iontu a ṫuilleaḋ. Agus in ionad an 147,000 ins na ceantair Fíor-Ġaeltaċta, níl san am i láṫair aċ timpeall 50,000.

Aċ, mar sin féin. cé naċ mbeaḋ i gceist do oibriṫe aċ idir 10,000 agus 12,000 is dóċa, níl aon tráċt ar obair lán-aimsireaċ a ġeallaḋ, fiú aṁáin don beagán beag sin féin.

"Ceantair Speisialta"

Seo mar a ċuireas Coimisiún na figiúirí a ḃeir muid insan tuarascáil seo. Tá na ceantair speisialta seo in Iarṫar Ḋún na nGall, in Iorras, Co. Ṁuiġeo ⁊ i gConamara, agus is ionann iad, beagnaċ leis na toġa ranna sin i nDún na nGall. Muiġeo agus Gaillim, **ina ḃfuil 80 per cent. nó níos mó den ṗobal ina gcainteoirí dúċais.**

In obair ḟinealálta Ḃord na gCeantar gCuaṫan. agus insan fiosrú a rinne an Royal Commission in 1908, fágaḋ na ceantair sin mar ceantair ina raiḃ i ḃfad barraíoċt daoine, agus a ḃféadfaí leigheas a ḟáil dóiḃ, agus fágaḋ iad ó ṡin gan leigheas a ċur ar fáil díoḃa.

B'iad na cúiseanna a ḃí leis an dearcaḋ oifigiúil seo ná:

1. Go raiḃ an talaṁ ċoṁ boċt agus naċ ndéanfaḋ méid ar biṫ aṫrú pobail, na gabaltaisí a ḃí fáġṫa eacnamiciúil.

2. Naċ ḃféadfaí na gabaltaisí a ṁéadú, toisc naċ raiḃ go leor do na feilméaraí beaga sásta imeaċt.

3. Go raiḃ tromlaċ mór na ngabaltaisí naċ raiḃ ina ḃfeirmeaċa ċor ar biṫ, naċ raiḃ ionta aċ ionad tí píosa fataí, agus b'ḟéidir innilt do ḃó.

Tá an faoḃ atá ins na ceantair sea ó ṫaoḃ brú daoine an ṗráinneaċ ar fad. Ċoṁ trom ⁊ bunúsaċ sin nár ḃain údarás freagarṫaċ ar biṫ dó ariaṁ ó ṡin. Aċ, ó ṫaoḃ na teangan, tá sé fíor ḃunúsaċ ar fad. Tá an dlúṫ ṗobal cainteoirí dúċais is mó sa tír ins na ceantair seo, i nDún na nGall agus i nGaillim. Fágaḋ na pobail seo glan scarṫa amaċ san am a ċuaiġ ṫart, ó aṫṡocrú talaiṁ agus aistriú feirmeaċa. Tá an Coimisiún go láidir den tuairim gurḃ é an ċéad ċéim i ḃfaoiseaṁ den ḃrú daoine seo ná aistriú pobal agus aṫṡocrú talaiṁ.

Ar feaḋ na deiċ mbliana seo róṁainn, faoi ġníoṁú Aċt Talún 1923, glanfar a ḃfuil de ṫalaṁ ar fáil in Éirinn. sa dóiġ naċ mbéifear in ann níos fuide deiġleáil le brú daoine tré aistriú pobal.

Má ṫárlaíonn sé seo gan réiteaċ éifeaċtaċ a ḋéanaṁ ar an ċeist don ṗobal ró ṁór de ċainteoirí dúċais atá ins na ceantraċa boċta, beiḋ deireaḋ le dóċas ar biṫ go ḃféadfaí tarrṫáil a ṫaḃairt ar an ro-ḃrú daoine atá ins na ceantair seo, aċ ní ḃeiḋ a ḋaṫ ar biṫ don ċainteoir dúċais aċ boiċteanas leanúnaċ agus truailliú ina ċeantar dúċais.

Níor réitíoḋ faoḃ na gCeantar Speisialta agus tárla díreaċ mar ṫuar Coimisiún na Gaeltaċta agus fágaḋ bunaḋ na gceantar seo i muinín boiċteanas leanúnaċ, truailliú ina gceantair dúċais, ag braṫ ar seana pinsiúin agus deolċairí ⁊ airgead ó gaolta nó imirce agus saol fiúntaċ ṫar sáile.

An iontaċ le duine ar biṫ ciacu roġa a ṫógas pobal óg na gceantar seo.

Coṁdáil Ṁuiġeo

D'iarr Coṁdáil Cumann Lúṫ-Ċleas Gael i Muiġeo go n-iarrfaí ar Ċoṁdáil na Cásca fiosrú do ḋéanaṁ faoi an Ḃan, féaċaint é a leasú nó a ċoiméad. Seo